

SEANCHAS

Fear a chuaidh le féar ag beithidhigh a bhí ar shliabh aige agus nuair a bhí an féar tugtha do na beithidhigh aige shuidh sé síos a' breathnughadh orthab dhá ithe. D'airigh sé an siosga taobh siar dhe. Bhreathnuigh sé siar agus céard a bheadh ach aluachra a' teacht aniar lena chluais. Tharraing sé buille de mhaide uirthi go marbhuigheadh sé í. "Ná buail" adeir sí "agus tiubhraidh mé teagasg maith dhuit má dhéanann tú mo chomhairle. Bliadhain an-fhliuch a bhéas sa mbliadhain seo agus cuir talamh tanaidhe. Ní raibh an oiread fataí ariamh agat agus a bhéas agat ach cuir talamh tanaidhe. Mara mbeadh orlach fóid os cionn na bhfataí ann cuir é."

Tháinig an bhliadhain an-fhliuch agus bhí chuile áit báithte. Duine ar bith nach raibh talamh tanaidhe curtha aige ní raibh aon fhata aige. Bhí lán na talmhana de fhataí ag an bhfear seo. "Tiocfaidh thart bliadhain ó indiu aríst" adeir an aluachra leis agus tiubharfa mé teagasg eile dhuit agus beidh muid a' cainnt ar a' mbliadhain a bheas caithte."

Tháinig sí aríst bliadhain ón lá sin agus is garr go dtáinig sí chomh fada leis. "Cé mar chuaidh an bhliadhain anurtha dhuit agus an chomhairle a thug mé dhuit" adeir sí. "Chuaidh sí thar cionn dhom" adeir seisean "ní raibh aon chur síos ach an toradh céadtach a bhí ar na fataí a bhí agam." "Ní chuirfidh tú aon bhlas talamh tanaidhe an bhliadhain seo" adeir sí "ach talamh domhainn. Beidh an bhliadhain seo chomh tirim le aon bhliadhain a tháinig ariamh agus ní bheidh aon mhaith ins a' talamh tanaidhe. Tiocfaidh tú chomh fada liom bliadhain ó'n lá indiu go n-innsigh tú dhom cén chaoi mbeidh tú déanamh."

Ba fhada leis seo go raibh an bhliadhain caite go ndeachaidh sé chomh fada léithe aríst an tríomhadh bliadhain mar gheall ar go raibh a cuid comhairleacha a dul go maith dhó. Nuair a tháinig sé ann shuidh sé síos agus ní raibh sé agus ní raibh sé fágáil aon amharc uirthi seo a' teacht. Bhí sé an fhad a' faireadh uirthi agus gur thuit sé ina chodladh. Nuair a fuair sí ina chodladh é d'eirigh sí agus chuaidh sí siar ina bhéal agus mharbhuigh sí é. Sin é a raibh de bharr an tríomhadh bliadhain aige.

12/3/33

Bhí fear eile ann a raibh beithidhigh ar shliabh aige. Bhí bó aige a raibh a haimsir caithte a'fhág sé an teach an lá seo go dtugadh sé abhaile í. Nuair a tháinig sé go dtí an áit a raibh na beithidhigh bhí laogh ag an mbó. Shuidh sé síos a' breathnughadh ar an laogh agus ar an mbó. Is garr gur chuala sé páiste a'caoine agus bean dá bhréagadh. Chuala sé an bhean a rádh go raibh sé féin teagtha ar ar an sliabh indiu ag iarraidh na bó agus dá bhfágfadh sé an bhó ar an sliabh seachtmhain eile go mbeedh bainne aici fein.

Nuair a chuala sé an chainnt seo d'imthigh leis agus d'fhág sé an bhó agus an laogh ar an sliabh. Ní dheachaidh sé ag iarraidh na bó aríst go ceann coighcise. Seachtmhain théis é bheith ar an sliabh báthadh bó le fear eile a bhí ar an mbaile. Séard a bhí an fear a chuala an bhean a' cainnt a rádh dá dtugadh sé féin an bhó abhaile go gcaillfí í.

(Fear as Litir Deisceird a d'innis an sgéal seo do Thomás agus ba é athair an fhir a chuaidh ar an sliabh ag iarraidh na bó. De mhuintir Laoidh ab eadh é.)

Bhí fear eile ann agus b'é an cheird a bhí aige a' bádóireacht agus a' tráchtáil soir agus anoir go Gaillimh. Níl sé i bhfad ó bhí an fear seo ann ach an oiread. Bhí sé oidhche a' teacht as Gaillimh agus chaith sé dhá uair a' seoladh trí choill. Ní raibh sé cinnte ceart go raibh sé ann nó gur thuit duilleabhar na gcrann isteach sa mbád aige. Bhí fhios aige annsin gur coill a bhí ann. Théis imtheacht as an gcoill d'airigh sé torann agus sgríobadh ag an mbád mar bhead siad a' dul trí chlocha beaga. Nuair a chuaidh siad an grinneas leis an sgéal chonnaic siad nach raibh aon áit dhá raibh an fhairrge ag tangachtáil leis an mbád nach raibh faocha greamuighthe di. Bhí fhios acab ansin gur a' dul trí chlaise faochan a bhí siad.

12/3/33

Bhí fear a' teacht as Albain agus sé'n áit a dtáinig an soitheach i dtír taobh ó thuaidh d'Éirinn. Bhí sé a' déanamh an bhealaigh abhaile agus casadh isteach i dteach é. Ní raibh aon fionn ar an mbean a bhí sa teach é fhágáil istigh. Ní raibh ann ach í féin. Dubhairt sé go luidhfeadh sé sa gclúid, go b'shin é a raibh uaidh go mbeadh sé ag imtheacht go moch ar maidin. D'fhan sé sa gclúid agus ní raibh sé a' déanamh aon chodladh. I gceann píosa deas oidhche tháinig fear isteach agus chuaidh sé siar don tseomra. Níor chuir sé aon aird air mar shíl sé go b'é fear a' tighe a bhí ann. Séard a bhí i bhfear an tighe seo feilméara agus Orangeman agus bhí sé imighthe ar aonach. I gceann píosa eile den oidhche buaileadh an dorus aríst. Dubhairt an bhean leis an bhfear a bhí sa seomra go b'é seo fear a' tighe a bhí a' teacht anois. "Má sé" adeir an fear, "cá dtiocfaidh mise?" "Gaibh síos sa gcóra sin" adeir sí.

Tháinig fear a' tighe isteach agus chonaic sé an fear seo sa gclúid. "Cén sórt fear thusa?" adeir sé. "Fear mé atá a' déanamh mo bhealach abhaile. Bím ag obair in Albain chuile bhliain." "Cén sórt creideamh atá agat" adeir sé. "Caitliceach" adeir an fear. "Níl aon lá ariamh nár chuala mise" adeir an t-Orangeman, "go raibh do chreideamh-sa indon an diabhal a theasbáint do mo chreideamh-sa, agus mara spáinfidh tú tusa dhom-sa é tá mé le thú mharbhughadh." "Chuala tú an fhirinne" adeir an fear seo "agus spáinfidh mise dhuit anois é." Dubhairt sé leis an bhfeilméara pota uisge a chur síos. Tharraing sé leabhar as a mhála agus thosuigh sé a' léigheamh agus ar ndóigh ní raibh fhios aige féin ná ag aon duine eile céard a bhí sé a' leigheamh mar ní raibh foghlaim ar bith air. Nuair a bhí an pota ag bruth dubhairt sé leis a' bhfeilméara é a thóigeál. Thug sé siar sa seomra é agus thosuigh sé a' dóirteadh an uisge síos tríd na síomaí a bhí ar chlár na córa. Nuair a cheap sé go raibh a dhóthain den uisge bruithe fáighte ag an bhfear a bhí sa gcóra, d'arduigh sé an clár den chóra agus aníos leis an bhfear de léim agus amach leis tríd an dorus. "Anois nach bhfuil an diabhal spáinte ag mo chreideamh do do chreideamh-sa." "Ó tá" adeir an feilméara "sé do chreideamh-sa an creideamh ceart." Ní dhearnaidh an feilméara aon bhlas lá'r na mháireach ach ionntughadh.

12/3/33

Nárbh iongantach an breac a bhí in eangach nuair a bhí mé ag iasgach agus seisear ins an mbád. Nuair bhí níos mó ná leath na heangaí istigh, ar maidin leis an lá, beirt a bhí a' tarraingt isteach na heangaí agus beirt eile thíos in íochtar a' bháid dhá pacáil agus dhá

socrughadh; ach an bheirt a seo a bhí ag tarraingt suas na heangaí d'airigh siad an-mheadhchan a' teacht san eangach agus nach raibh siad indon an t-ortalach féin a bhainnt di. Chuidh seisear ainn annsin ar an eangach ag iarraidh í a tharraingt isteach agus séard a bhí innti breac mór. Thug muid an breac go dtí taobh an bháid agus chinn sé orainn é thabhairt ní bhfaide agus neart strain ar chuile fhear agus níor mhaith linn an eangach a ghearradh, mar dhá ngearrfadh, an méid a bheadh amuigh bheadh sé imighthe. Bhí tuairim cheithre troighthe de dhrioball an bhric le feiceál ainn agus ní raibh mórán le feiceál ainn ar an gcuid eile dhe. Bhí sé istigh faoi thaobh an bháid agus ní raibh mórán soluis ann. Ní raibh sé ach maidneachan lae.

Dubhairt fear an bháid dá mbeadh sádhbh aige go ngearrfadh sé an méid den bhreac a bhí aníos os cionn uisge fuair sé an sádhbh cuireadh an rópa faoi na easgalaibh agus ligeadh síos le taobh an bháid é agus an rópa ceangluighthe taobh istigh faitchíos go ngabhfaidh sé sa bhfairrge ghearr sé cheithre troighthe den drioball istigh ins an eangach. Nuair a bhí an méid sin de d'imthigh an chuid eile amach as an eangach agus creidim píosa den eangach tugtha leis aige. Bhí an áit a ghearr sé leis an sádhbh chomh ramhar le crann an bháid iasgach. Bhí tuairim trí phíosa den eangach millte aige. Go hÁrainn ansin a tháinig muid leis an iasg agus níl aon fhear dá bhfaca an breac nár dhubhairt go mba é an breac ba húthbhásaí dá bhfaca sé féin ariamh dhá mbeadh sé le feiceál uilig agus an chaoi a bhí an drioball.

17/3/33/ Lá Fhéil Pádhrag

Chuala mé cainnt ar shoitheach a bhí a'seoladh na fairrge agus casadh soitheach eile orrthab. Bhí fhios aca nuair a chonnaic siad í nach raibh aon duine innte. D'aithnigh siad uirthi nach raibh sí ag imtheacht ceart. Bhí siad a' déanamh ar an soitheach nó go raibh siad an-ghar di. Céard a bhí istigh ar dic an tsoitheach ach easgan mhór sínte siar ó thosach an tsoithigh go dtí na deire agus í sínte siar 'na codladh. "Séard atá san easgan sin" adeir an caiptín "easgan nimhe. Tá an méid atá san soitheach sin ithte aici agus tá seans ainne go b'é an cleas céanna a dhéanfas sí linn féin. Nuair a dhúiseochaidh sí beidh istig ar bord againn. Tá sé chomh maith dhúinn anois teanamh uaithe agus muid féin a shocrughadh féachaint a gcuirfeadh aon deis mharbhughadh uirthi mar séard atá innte sin easgan a bhánochas go leor de mhuintir na fairrge. Teigheadh chuile fhear agaibh isteach ins a' gcábán agus ná bíodh doras ná fuinneog ná rud ar bith oscailte agus gabhfaidh mé féin sa gcrann is aoirde dá bhfuil ar a' soitheach agus b'fhéidir go bhfaghainn mo dhóthain le déanamh."

Níl aon fhear dhá dtanóchaidh braon dá chuid fola leis sin gan trácht ar thada eile, nach mbeadh chomh marbh leis an té atá curtha le céad bliain.

Theanadar leis an soitheach aríst agus bhí guna ag an gcaiptín agus chaith sé piléar léithe ceapadh go ndéanfaidh sé aon bhlas uirthi leis an bpiléar agus ní dhearnaidh sé blas uirthi ach gur dhúisigh sí as a' gcodladh leis a' bpiléar. Ní túisce a bhí an t-urchar caithte aige ná bhí sí de léim i bhfairrge agus faoi cheann cupla nóiméad bhí sí a'teacht isteach ina soitheach féin ar a' dic aige. Bhí sé féin gaibhte suas ins an gcrann ag an am seo. Ní dhearnaidh sí ach breathnughadh suas ar bharr an chrainn agus chonaic sí an caiptín shuas i mbarr a'chrainn. Ní dhearnaidh sí ach í féin a chasadh timcheall ar an gcrann agus thosuigh

sí a'dhul suas ar an gcrann i ndiaidh a driobaill chomh fada suas agus g raibh sé seo indon buille a thabhairt sa drioball di, agus marach sin chuirfeadh sí anuas as an gcrann é go n-ithfeadh sí é. Ní dhearnaidh an caiptín nuair a fuair sé an drioball sáthach gar dó ach an tuaidh a tharraingt agus píosa den drioball a bhainnt di. Sgaoil an easgan í fein anuas mín mabh agus chaith sí í féin i bhfairrge. Ní fhaca sé aon amharc uirthi ní ba mhó. Bhí an méid sin indon í a mharbhughadh, ó bhain sé píosa den drioball di tháinig a cuid fola. Marach a fheabhas agus d'oibrigh an caiptín bheadh sé féin agus an méid a bhí sa soitheach marbh aici sul dhá gcuirfí aon deis bháis uirthi. Bhí sé féin agus na mairnéalaigh agus an máta an-áthasach as a fheabhas agus d'oibrigh sé ar an easgan mhór.

17/3/33

Bhí fear as Muigh Inis agus triúr eile in aonfhacht leis lá ag iasgach amuich ag Carraig a' Mheacan. Nuair a chuadar ag cur síos a ndínéir ní acab ach droch-theine ins an mbád, agus séard a bhí ann taoille trághadh agus bhí an lá an-bhreagh agus an fhairrge socair. Chonnaic siad carraig a'nochtughadh an-ghar don bhád. "Níl rud ar bith is fearr dhom a dhéanamh" adeir an fear a bhí ag cur síos an dínéir "an teine a thabhairt liom agus í a fhadughadh amuigh ar an gcarraig. Is ann is fearr a dheargfas sí dom ó tharla go bhfuil an fhairrge breágh cineálta." Séard a bhí sé a chur síos pota fataí agus éisg. Chuir siad an fear seo amach ar an gcarraig agus an teine agus an pota fataí, d'faduigh sé síos teine mhór agus shrocuigh sé an pota ar an teine. Bhí ceart go leor nó gur thosuigh an pota a' fiucha agus 's gearr gur airigh sé an charraig ag corruigh faoi na chosa agus ag isliughadh síos ins an bhfairrge nó raibh carraig ar bith faoi dheire aige ach é fágtha ar bharr na fairrge agus céard a bheadh sa gcarraig seo ach breac mór a bhí ina chodladh. An t-uisge bruithte a dhúisigh é nuair a thosuigh sé a' fiucha agus dhoimhnigh sé sa bhfairrge agus agus an fear a' ceapadh gur carraig a bhí ann, feamainn agus báirne ag fás ar a dhruim ar nós carraig ar bith. Chuaidh an fear a bhí a dhul a' bruth na bhfataí an-ghar dhá bheith báithte nuair a thosuigh an breac mór ag imtheacht. Níl ann ariamh ach gur thóig na fir eile é nuair a thosuigh sé a' fuagairt. Ní ghabhfadh sé go brách aríst amach ar aon charraig a' bruth fataí le faitchíos roimh an iasg mór.

17/3/33

Bhíodh go leor báid as an áit seo fadó ag ag imtheacht a' tóigeáil na mbreac mór seo—líomaintí agus a leithidí. Theigheadh siad amach go Condae Mhuigheo agus ó thuaidh de Bhó Finne agus na bealaigh sin. Sé'n deis marbhughadh a bhí acab orthab sleagh. Nuair a thiocfaidís ar an líomán agus é ina chodladh ar bharr na fairrge sháthfaidís é leis an sleagh seo. Nuair a bheadh sé sáithte acab ansoin leis an tsleágh bheadh an áit sin, b'fhéidir go mbeadh sé céad feádh ar domhainn. Bheadh an bád sin ansoin lán suas, bunáite acab, le rópa. Bheadh siad a' lagann ansoin rópa leis an líomán agus bheadh sé dhá mharbhughadh féi faoin talamh nuair a thiocfadh sé go tóin poill go mbeadh deire a chuid fola taimighthe. Nuair a d'aireochadh siad ansoin go mbeadh sé marbh tharraingeochadh siad aníos é le taobh an bháid go n-osclóchadh siad é agus agus go mbainfeadh siad amach an aobh. Bheadh an aobh sin chomh mór agus go mbeadh an bád i ngar dhá bheith lochtuighthe nuair a bheadh sí gearrtha acab agus socruighthe isteach ins an mbád. Nuair a thagaidís

abhaile leagfadh siad an aobh agus bhainfidís aisti an ola. Bhíodh siad a' déanamh airgead mór ins an am sin de ola na líomáin.

17/3/33

Tá cinn bheaga eile ann a dtugann siad líomáin gréine orrthabh ach ní hionann iad seo agus na líomáin mhóra eile seo. Is minic a chonnaic mise ceann de na líomáin bheaga seo.

D'fheicfeá iad seo lá breá gréine in gcodladh ar bharr na fairrge. Tá poll mór ar a gcloigeann agus bheithfeá indon ceann de adharca an ghruiféid a leigeann síos ann go dtí an bun. Dhá mbeadh ceann ann ansoin nach mbeadh an-mhór bheadh triúr fear indon é a choingbheál leis an ngruiféad go marbhuighidís é agus go mbainfidís as an aobh.

17/3/33

Chuala mé cainnt ar oileán a bhí sa taobh ó dheas den domhan agus bhí triúr cailleadh ina gcomhnuidhe ar an oileán, de chailleadha draoidheachta agus pébrí am a dtáinig na cailleadhaí draoidheachta ar an oileán nach ndeachaidh bád ná soitheach ariamh thairis nach mbáithfí. Séard a bhí a' báitheadh na soithigh na cailleadhaí. Sé sórt obair a bhí orrthab a' gabháil fhuinn agus ní raibh aon iongadh sa domhan ach an fhuaim bhreágh a bhí acab, agus ní fhéadfadh na daoine a bhíodh sna soithigh aon bhlas a dhéanamh ach ag eisteacht leis an fhuaim bhreágh a bhí acab seo, go gcaithfí na soithigh isteach ar na carraigeacha agus go mbrisfí iad. Sé an téarma a bhí ag na cailleadhaí seo ar an oileán go dteighfeadh soitheach gan báthadh thar an oileán.

Bhí soitheach ansoin le dhul thar an oileán seo agus bhí cloiste ag an gcaiptín go raibh a leitheidí seo de chailleadhaibh ar an oileán. D'innis sé don fhuireann a bhí in éinfeacht leis sa soitheach go raibh siad ann, agus nach ndeachaidh aon soitheach thairis ariamh nach mbáithfí. Séard a rinne sé gach a raibh de fhir ins an soitheach a gcuid cluasa a chorcáil le oakum rucht agus dá leigfí urchar guna mhóir nach gcloisfidís é. Nuair a bhí sin déanta aige dubhairt sé leothab é féin a cheangal de chrann an tsoithigh chomh cruaidh, chomh daingean agus nach bhféadfadh sé é fein a sgaoileadh, pébrí stuaim a chuirfeadh sé ar fein.

Cheangladar an caiptín den chrann chomh maith agus b'fhéidir leothab é ar bhealach nach bhféadfadh sé é féin a sgaoileadh. Bhí an soitheach a' seoladh léithe agus chuile fhear ag déanamh a ghnó féin agus nuair a bhí an soitheach os cionn an oileáin thosuigh an caiptín dhá mharbhughadh féin ag iarraidh orrthab é a sgaoileadh nuair a chuala sé an fonn breágh a bhí ag na cailleadha draoidheachta. Nuair a bhí an soitheach seolta thar an oileán chonnaiceadar an triúr cailleadhaí draoidheachta dá gcaitheamh féin ins a' bhfairrge gur báthadh iad. Ní raibh aon chontabhairt ar aon tsoitheach a' dul thar an oileán ó shoin.

17/3/33